Spléach-Threoir

www.singlepensionscheme.gov.ie

# Achoimre ar Shochair ar Fhágáil Seirbhíse Duit

### Cad a tharlaíonn do mo shochair ar fhágáil fostaíocht inphinsin dom?

Braitheann sé sin ar cé acu gur comhalta dílsithe na scéime thú nó nach thú ar lá deireanach d'fhostaíochta.

Is ionann comhalta dílsithe agus duine atá ina bhall den Scéim Pinsin Aonair le 24 mí nó níos mó.

Mura bhfuil tú cinnte faoi cé acu a mbeidh tú i do bhall dílsithe ar lá deireanach d'fhostaíochta inphinsin nó nach mbeidh, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra.

### Cad a tharlaíonn má tá mé ag fágáil chun glacadh le post inphinsin eile sa státseirbhís?

Má tá tú ag fágáil d'fhostóir reatha chun glacadh le post inphinsin eile sa státseirbhís, leanfar le do bhallraíocht den Scéim Pinsin Aonair le d'fhostóir nua.

Leanfaidh tú de bheith ag saothrú méideanna airgid i dtreo do shochar scoir le d'fhostóir nua gach uair a íoctar thú. Cuirfear na méideanna seo leo siúd atá saothraithe agat cheana féin. Cuirfear an t-airgead uile a saothraíonn tú mar chomhalta na Scéime Pinsin Aonair i dtreo do shochar scoir dheiridh.

### Cad a tharlaíonn mura nglacaim le post inphinsin eile sa tseirbhís phoiblí?

Más comhalta dílsithe den Scéim Pinsin Aonair thú, déanfar do shochair scoir a chur siar nó "a chaomhnú" go dtí go mbaineann tú do ghnáthaois pinsin amach ach sa chás go bhfuil tú 55 bliain d'aois nó níos sine agus go ndéanann tú iarratas ar scor luath sula gcríochnaíonn tú fostaíocht.

Más comhalta neamhdhílsithe den Scéim Pinsin Aonair thú, is féidir go mbeidh tú incháilithe le cur isteach ar aisíoc ranníocaíochtaí uile na Scéime Aonair atá déanta agat. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le d'fhostóir más mian leat cur isteach ar aisíoc ranníocaíochtaí.

Má fhaigheann tú aisíoc do ranníocaíochtaí na Scéime Pinsin Aonair, ní bheidh aon teidlíocht agat, amach anseo, ar aon sochair na Scéime Pinsin Aonair.

### An féidir sochair na Scéime Pinsin Aonair a aistriú go fostóir nach bhfuil san earnáil phoiblí?

Ní féidir. Níl aon fheidhm ann a cheadaíonn do bhaill na Scéime Aonair a gcuid sochar a aistriú go socrú pinsin eile.

### Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Is féidir teacht ar eolas níos ginearálta, lena n-áirítear cóip de do Bhileog Faisnéise Scéime, i réimse comhaltaí shuíomh idirlín na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/

Má tá ceisteanna ar leith agat nó má tá a thuilleadh cabhrach uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra a mbeidh in ann cabhrú leat.

